2025/2598

16.12.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/2598 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Nollaig 2025

## mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta.

(2) An 17 Samhain 2003, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh 2003/805/CBES ([1]), inar iarradh ar an Aontas a chur ina luí ar an oiread tíortha agus is féidir glacadh le Cód Iompair na Háige, go háirithe iad siúd a bhfuil cumais diúracán balaistíoch acu. Leis an gComhsheasamh sin, iarradh freisin go ndéanfaí an Cód a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh, go háirithe bearta cothaithe muiníne an Chóid, agus go bhféachfaí le caidreamh níos dlúithe a chur chun cinn idir an Cód agus córas iltaobhach na Náisiún Aontaithe maidir leis an neamhleathadh.

(3) I Straitéis Dhomhanda 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, cuirtear i dtábhacht go gcuirfidh an tAontas dlús lena rannchuidiú leis an tslándáil chomhchoiteann.

(4) Tagraíonn Compás Straitéiseach 2022 um Shlándáil agus Cosaint do shíorbhagairt an leata arm ollscriosta agus modhanna a seachadta, agus cuirtear in iúl ann cuspóir an Aontais gníomhaíochtaí nithiúla an Aontais a threisiú mar thaca le spriocanna dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm.

(5) Ghlac an Chomhairle 5 chinneadh roimhe seo mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch, eadhon Cinntí 2008/974/CBES ([2]), 2012/423/CBES ([3]), 2014/913/CBES ([4]), (CBES) 2017/2370 ([5]), agus (CBES) 2023/124 ([6]),

([1]) Comhsheasamh 2003/805/CBES ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le huiliú agus neartú comhaontuithe iltaobhacha i dtaca le neamhleathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta (IO L 302, 20.11.2003, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2003/805/oj).

([2]) Cinneadh 2008/974/CBES ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 345, 23.12.2008, lch. 91, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/974/oj).

([3]) Cinneadh 2012/423/CBES ón gComhairle an 23 Iúil 2012 mar thaca le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta agus le Comhsheasamh 2003/805/CBES ón gComhairle (IO L 196, 24.7.2012, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/423/oj).

([4]) Cinneadh 2014/913/CBES ón gComhairle an 15 Nollaig 2014 mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 360, 17.12.2014, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/913/oj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2017/2370 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017 mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 337, 19.12.2017, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/2370/oj).

([6]) Cinneadh (CBES) 2023/124 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 mar thaca le Cód Iompair na Háige agus le neamhleathadh diúracán balaistíoch faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 16, 18.1.2023, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/124/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. D'fhonn Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta, Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas arís eile le huiliú, le cur chun feidhme iomlán agus le feabhsú Chód Iompair na Háige trí ghníomhaíocht oibríochtúil.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí na gníomhaíochta oibríochtúla dá dtagraítear i mír 1:

(a) go bhféachfaí leis go nglacfaí go huilíoch le Cód Iompair na Háige;

(b) go bhféachfaí leis go ndéanfadh na stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis Cód Iompair na Háige a chur chun feidhme ina iomláine; agus

(c) go gcuideofaí le Cód Iompair na Háige a chomhtháthú ar bhealach níos fearr san obair atá á déanamh chun leathadh na ndiúracán balaistíoch a shrianadh.

3. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht oibríochtúil sin dá dtagraítear i mír 1, san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é an *Fondation pour la recherche stratégique (FRS)* a dhéanfaidh an cur chun feidhme teicniúil i gcás na gníomhaíochta oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Is faoi mhaoirseacht an Ardionadaí a dhéanfaidh FRS an cúram dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le FRS.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 1 099 446,40 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 ('an caiteachas') a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais. Chuige sin, tabharfaidh sé an comhaontú is gá i gcrích le FRS ('an comhaontú'). Sonrófar sa chomhaontú go gcaithfidh FRS infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú ar bhealach atá iomchuí do mhéid na ranníocaíochta sin.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí agus é sin á dhéanamh aige agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag FRS. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn le meastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm mura dtabharfar an comhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil , an 15 Nollaig 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

*IARSCRÍBHINN*

## 1. **CÚLRA AGUS RÉASÚNAÍOCHT**

Is comhaontú idirnáisiúnta é Cód Iompair na Háige in aghaidh Leathadh Diúracán Balaistíoch (an 'Cód'/'HCoC') a glacadh in 2002 chun srian a chur le leathadh na ndiúracán balaistíoch ar féidir leo airm ollscriosta (AOSanna) a sheachadadh. Tá bearta cothaithe muiníne sa Chód freisin chun na rioscaí a bhaineann le míríomh a laghdú i gcás tástálacha eitilte diúracán balaistíoch agus lainseáil feithiclí lainseáilte satailíte síochánta. Breis is 20 bliain tar éis a ghlactha, is ábhartha inniu an Cód ná mar a bhí riamh ós rud é go bhfuil teicneolaíochtaí balaistíocha á bhforbairt i gcónaí san iliomad réigiún ar fud an domhain agus ós rud é go bhfuil géarghá, de thoradh ar an teannas idir tíortha a bhfuil na teicneolaíochtaí sin acu, le sásra trédhearcachta agus cumarsáide chun aon ghéarú a sheachaint. Cé go bhfuil a n-ainm curtha ag 145 stát leis an gCód go dtí seo, tá gá le tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh le go mbeidh glacadh leis ar bhonn uilíoch. Rannchuidíonn an tAontas le hiarrachtaí bunriachtanacha for-rochtana chun uiliú an Chóid a chur chun cinn agus chun an Cód a chur chun feidhme agus a chomhtháthú sa chóras maidir le neamhleathadh trí chéile.

## 2. **AN CUSPÓIR FORIOMLÁN**

Is é cuspóir foriomlán na gníomhaíochta seo cur leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, leis an muinín agus leis an trédhearcacht agus le cur chun feidhme straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta trí uiliú an Chóid, cur chun feidhme iomlán an Chóid agus feabhsú an Chóid a chur chun cinn. Leis an ngníomhaíocht seo, comhlánófar rannpháirtíocht taidhleoireachta an Aontais leis na Stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód agus leosan nach bhfuil, agus tacóidh sí leis an rannpháirtíocht sin.

## 3. **CUSPÓIRÍ SONRACHA**

Seo a leanas cuspóirí sonracha na gníomhaíochta:

(a) go bhféachfaí leis go méadófaí líon na stát a mbeidh a n-ainm curtha acu le Cód Iompair na Háige, ar mhaithe lena uiliú, lena n-áirítear trí idirphlé a chur chun cinn idir na stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis agus leosan nach bhfuil;

(b) go bhféachfaí leis go ndéanfadh na stáit sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód é a chur chun feidhme ina iomláine;

(c) go rannchuideofaí leis an gCód a chomhtháthú ar bhealach níos fearr san obair atá á déanamh chun leathadh na ndiúracán balaistíoch a shrianadh. Áirítear leis sin infheictheacht an Chóid a threisiú agus feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis na rioscaí agus na bagairtí a bhaineann le leathadh diúracán balaistíoch, agus féachaint, go háirithe trí staidéar, ar na dinimic i leathadh na ndiúracán balaistíoch, ar fhorbairtí maidir leis an spás agus ar na féidearthachtaí atá ann an Cód a fheabhsú agus go bhféachfaí leis idirghníomhaíocht idir an Cód agus ionstraimí iltaobhacha ábhartha eile a chur chun cinn.

## 4. **NA TORTHAÍ A BHFUIL SÚIL LEO**

(a) **Uiliú, cur chun feidhme agus comhtháthú an Chóid faoi chuimsiú an neamhleata.** Is éard a bheidh sna torthaí a bhaineann le huiliú, cur chun feidhme agus comhtháthú an Chóid faoi chuimsiú an neamhleata iarrachtaí éagsúla maidir le for-rochtain agus cumarsáid inmheánach. Beidh sé d'aidhm le himeachtaí for-rochtana feasacht a mhúscailt maidir le Cód Iompair na Háige, agus cuspóirí an Aontais maidir le huilíocht an Chóid a chur chun cinn. Leis na himeachtaí a eagrófar, cuirfear feabhas freisin ar chur chun feidhme an Chóid agus ar rannpháirtíocht na stát uile a bhfuil a n-ainm curtha acu leis ina chuid oibre, cuirfear ardán ar fáil d'oifigigh stáit agus do shaineolaithe le go bhféadfaidh siad tuairimí a mhalartú go neamhfhoirmiúil ar shaincheisteanna straitéiseacha agus, ar an gcaoi sin, cuidiú le muinín a chothú i measc na stát. Go sonrach, eagróidh an *Fondation pour la Recherche Stratégique (FRS)* an méid a leanas:

(i) **Ceithre sheimineár réigiúnacha agus/nó foréigiúnacha** (san Áise Theas, sa Mheánoirthear, i Meiriceá Láir agus i Muir Chairib agus san Afraic, b'fhéidir). Déanfar na himeachtaí sin i ndlúthchomhar leis na rialtais óstacha faoi seach agus, más iomchuí, leis an lucht ábhartha acadúil. Rachfar i mbun na n-imeachtaí mar ábhar tosaíochta chun tairbhe na stát sin nach bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód. Leagfar béim ar leith ar rannpháirtíocht na stát sin a bhfuil a n-ainm curtha acu leis agus ar 'curaidh réigiúnacha' iad, chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí agus ar dhearcthaí ó thaobh réigiúnach de. Beidh saineolaithe réigiúnacha, ionadaithe ó eagraíochtaí réigiúnacha, oifigigh de chuid Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála, saineolaithe FRS, oifigigh de chuid an Aontais Eorpaigh agus de chuid na mBallstát, an Cathaoirleach agus an neas-lárphointe teagmhála i bpáirt le chéile ann. D'fhéadfaí rannpháirtíocht gníomhaithe príobháideacha, go háirithe ó chuideachtaí spáis, a mheas nuair is ábhartha. Spreagfar idirghníomhaíocht le linn na gcruinnithe sin a thionólfar ar feadh lá amháin nó lá go leith.

(ii) **Cruinnithe le hoifigigh stáit a roghnófar nach bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód** ach a léiríonn go bhféadfadh spéis a bheith acu a bheith páirteach ann. Tionólfar na cruinnithe teicniúla sin i bpríomhchathracha nó in áiteanna ábhartha eile (ionaid na Náisiún Aontaithe – Nua-Eabhrac, Vín agus an Ghinéiv, eagraíochtaí réigiúnacha…). Áireofar ar na stáit spriocdhírithe a bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód na stáit a bhí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí for-rochtana le roinnt blianta anuas agus go háirithe iad siúd a vótálann i bhfabhar rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe mar thaca leis an gCód. Tabharfar aird ar leith ar thacaíocht a thabhairt do bhearta polaitiúla faoi stiúir an Aontais agus na mBallstát chun na hiarrachtaí for-rochtana sin a chomhlánú agus a éascú trí chur i láthair agus díospóireacht shaincheaptha. I gcomhar le Cathaoirleach Chód Iompair na Háige, leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nó le Ballstáit eile de chuid an Aontais, eagrófar cruinnithe for-rochtana freisin ar imeall Chéad Choiste Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (lóin agus cruinnithe déthaobhacha).

(iii) Eagrófar trí imeacht eile ag am lóin ar imeall ghnáthchruinniú bliantúil Chód Iompair na Háige i Vín, rud a chuirfidh ar chumas phobal Chód Iompair na Háige, go háirithe toscairí a bheidh ag freastal ar an ngnáthchruinniú bliantúil, idirghníomhú le saineolaithe diúracán agus na treochtaí faoi láthair maidir le leathadh a phlé. I gcás ábhair shonracha d'fhéadfadh gníomhaireachtaí atá lonnaithe i Vín agus go háirithe Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála agus Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí sa Chianspás a bheith rannpháirteach. In 2027, úsáidfear an t-imeacht ar an imeall chun 25 bliana de Chód Iompair na Háige a chomóradh.

(iv) **Dhá imeacht ar imeall Chéad Choiste Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe** chun tacú le rúin Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac (in 2026 agus 2028). Roghnófar dátaí na n-imeachtaí ionas gur féidir leis na toscairí atá ag freastal ar an gCéad Choiste agus ar an gCeathrú Coiste freastal orthu. Sula gcuirfear na rúin faoi bhráid an Chéad Choiste, cuirfear cúnamh ar fáil arna iarraidh sin don Chathaoirleach, don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nó do Bhallstáit eile chun tacaíocht na stát a vótálfaidh sa Chéad Choiste a mhéadú do rún Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe arna chur i láthair mar thaca leis an gCód.

(v) **Cúnamh i bhfoirmeacha éagsúla don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta** chun cur chun feidhme an Chóid a mhéadú trí theagmhálacha éagsúla le stáit a bhfuil a n-ainm curtha acu leis gCód (fothú acmhainneachta i stáit chun dearbhuithe bliantúla a chur isteach agus pointí teagmhála a ainmniú, aistriúcháin, an t-ardán ar líne a mhodhnú, cúnamh don Chathaoirleach agus don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta maidir le hullmhúcháin agus i dtéarmaí ábhair le haghaidh cruinniú idirsheisiúnach neamhfhoirmiúil a d'fhéadfadh a bheith ann nó formáidí eile chun forbairt an Chóid a phlé,…).

(b) **Feasacht a mhúscailt maidir le Cód Iompair na Háige agus leathadh diúracán.** Leis an ngníomhaíocht, ginfear torthaí a mhúsclóidh feasacht maidir le neamhleathadh diúracán balaistíoch. Cuirfidh sé ar chumas phobal Chód Iompair na Háige rochtain a bheith acu ar dhoiciméadacht agus ar shaineolas ábhartha maidir le diúracáin bhalaistíocha, lainseálaithe spáis agus imeachtaí gaolmhara agus forbairtí teicneolaíochta. Tabharfaidh sé deis do ghlúin nua gairmithe eolas a chur ar na gealltanais a bhaineann le leathadh na ndiúracán balaistíoch. Ar deireadh, beidh sé d'aidhm aige a áirithiú go ndéanfar leathadh na ndiúracán agus Cód Iompair na Háige a chomhtháthú go hiomlán sa chomhrá maidir le rialú arm, neamhleathadh arm ollscriosta agus cobhsaíocht straitéiseach.

(i) **An chéad ghlúin eile a mhealladh.** Roghnófar dhá chohórt nua den Ghrúpa Óige um Neamhleathadh Diúracán Balaistíoch agus déanfar iad a thionlacan chun feasacht a mhúscailt faoin gCód agus oiliúint a chur ar ghairmithe óga ó réigiúin éagsúla maidir leis na saincheisteanna sin. Oibreoidh an dá chohórt le chéile ar feadh bliana, agus glacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla ar líne agus in imeacht amháin ar an láthair. Agus na comhaltaí á roghnú beidh sé d'aidhm sineirgí a chruthú le Clár Chomhaltaí Slándála Spáis Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil. Tabharfar cuireadh d'institiúidí acadúla agus do shaineolaithe a gcuid eolais a chomhroinnt leis an ngrúpa agus b'fhéidir cruinniú a óstáil. Beifear ag súil le doiciméad gearr i scríbhinn ag deireadh an dá sheisiún ina dtabharfaidh an Grúpa Óige moltaí maidir le todhchaí an Chóid.

(ii) **Rannpháirtíocht phobal an Spáis Nua.** Ós rud é gur leagadh béim le blianta beaga anuas ar a thábhachtaí atá Cód Iompair na Háige mar ionstraim lena rannchuidítear le rialáil an spáis, tá sé ríthábhachtach an fhor-rochtain i dtreo thionscal an Spáis Nua a leathnú agus feasacht a mhúscailt maidir le rioscaí leata diúracán agus ról na trédhearcachta. Dá bhrí sin, eagrófar ceardlann hibrideach fothaithe acmhainneachta le linn an tionscadail. Sa cheardlann seo déanfar an méid seo a leanas:

(1) na dúshláin maidir le leathadh agus noirm idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh a chur san áireamh sa phlé

(2) an ról atá ag bearta forbartha muiníne a phlé agus staidéar a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir trédhearcacht a bheartú agus faisnéis íogair á caomhnú ag an am céanna

(3) rannpháirtíocht leathan a chothú agus gníomhaithe níos traidisiúnta a chuimsiú chun gur féidir taithí agus dea-chleachtais a chomhroinnt

(iii) **Eolas ar leathadh balaistíoch a thabhairt cothrom le dáta.** Agus an saineolas a bhailigh foireann an *Fondation pour la Recherche Stratégique* i gcaitheamh na mblianta maidir le leathadh diúracán, an spás agus saincheisteanna gaolmhara á fhorbairt, beidh sé d'aidhm leis an gceannteideal seo an corpas faisnéise atá ann cheana agus a d'fhoilsigh an *Fondation pour la Recherche Stratégique* maidir leis an tsaincheist a thabhairt cothrom le dáta agus a athnuachan, chun go mbeidh oifigigh agus an pobal leasmhar in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis údarásach, ach freisin í a chur i láthair ar bhealach níos teagascaí agus ábhar nua a chruthú de réir riachtanas. Go háirithe, déanfaidh an *Fondation pour la Recherche Stratégique* an méid seo a leanas faoin gceannteideal seo:

(1) bunachar sonraí na ndiúracán balaistíoch agus lainseálaithe a thabhairt cothrom le dáta agus a chinntiú gur féidir le hionadaithe ó na Ballstáit agus ó ghníomhaithe ábhartha rochtain a fháil air.

(2) oibriú ar fhoilsiú freagrúil gearranailíse (leathanach amháin) ar fhorbairtí móra maidir le diúracáin bhalaistíocha agus teilgeoirí.

(3) na gearrpháipéir atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus ábhar oideachasúil a chruthú chun béim a leagan ar na treochtaí faoi láthair maidir le leathadh diúracán agus treochtaí spáslainseála, trí ghrafaic faisnéise amhairc.

(4) páipéar taighde amháin a fhoilsiú maidir le príomhábhar a bhaineann le leathadh diúracán agus lainseálacha spáis.

(iv) **Feasacht a mhúscailt maidir leis an tionscadal.** Leanfaidh an *Fondation pour la Recherche Stratégique* d'uirlisí cumarsáide a fhorbairt agus a úsáid (suíomh gréasáin, líonra sóisialta …) chun an tionscadal agus tacaíocht an Aontais do Cód Iompair na Háige a chur chun cinn. Faoin gceannteideal seo, tabharfar bealaí chun Cód Iompair na Háige a chur i láthair i bpríomhfhóraim eile maidir le neamhleathadh, i gcruinnithe réigiúnacha, agus ar imeall na Meithle Oscailte maidir le cosc a chur ar rás arm sa chianspás (PAROS), gach gné de san áireamh. Spreagfar rannpháirtíocht i gcomhdháil Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil maidir le slándáil spáis freisin.

5. **NA TAIRBHITHE DEIRIDH**

(a) Stáit, idir stáit a bhfuil a n-ainm curtha acu leis an gCód agus stáit nach bhfuil;

(b) oifigigh rialtais, lucht déanta beartas, rialtóirí, saineolaithe, go háirithe iad siúd a dhéanann ionadaíocht do ghlúin óg saineolaithe;

(c) eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha;

(d) lucht acadúil agus an tsochaí shibhialta, go háirithe iad siúd a dhéanann ionadaíocht do ghlúin óg saineolaithe;

(e) Cathaoirleach Chód Iompair na Háige;

(f) neas-lárphointe teagmhála Chód Iompair na Háige (Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hOstaire)

(g) Ballstáit eile atá toilteanach Cód Iompair na Háige a chur chun cinn.

6. **IONAD**

Roghnóidh FRS, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha SEGS, ionaid fhéideartha le haghaidh na gcruinnithe, na gceardlann agus na n-imeachtaí eile. Ar na critéir a úsáidfear chun na hionaid a roghnú áireofar toilteanas agus tiomantas stáit nó eagraíochta idir-rialtasaí ábhartha i réigiún ar leith an t-imeacht a óstáil. Beidh láithreacha sonracha na gcuairteanna tíre nó na ngníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith ag brath ar chuirí ó stáit nó ó eagraíochtaí idir-rialtasacha leasmhara. Cé go bhfuil fiúntas na gcruinnithe agus na n-imeachtaí i bpearsa fíorthábhachtach, eagrófar cruinnithe fíorúla i gcás inarb iomchuí chun éifeachtúlacht ó thaobh costais de a áirithiú.

7. **ACHAR AMA**

Meastar go mairfidh an ghníomhaíocht 36 mhí ar an iomlán.